# Meaisíní díola níos sláintiúla

Irish translation of – Healthier vending







school food top marks

Bia scoile: lánmharcanna

# Clár


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Na buntáistí a bhaineann le meaisíní díola níos sláintiúla | 3 |
| Cad is meaisín díola níos sláintiúla ann? | 4 |
| Plean céim ar chéim | 5 |
| Seicliosta na meaisíní díola níos sláintiúla | 12 |
| Comhtháthú le tionscadail bia eile na scoile | 13 |
| Naisc leis an gcuraclam | 14 |
| Foinsí faisnéise breise | 16 |



# Réamhrá

Tá an treoir seo maidir le meaisíní díola níos sláintiúla ceaptha chun cúnamh a thabhairt do scoileanna meaisníní díola bia agus dí níos sláintiúla a bhunú mar sheirbhís a bheidh tarraingteach, úsáideach agus brabúsach. Cuirfidh sé le heolas na scoileanna agus na lónadóirí maidir leis na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le húsáid meaisíní díola i scoileanna.

Ó mhí Aibreáin 2008 ar aghaidh, leathnaíodh na caighdeáin chothaithe do lónta scoile chun an bia agus na deochanna eile a chuirtear ar fáil i scoileanna a chuimsiú. Pléifidh sé seo le meaisíní díola agus dá réir sin ní mór do scoileanna agus do lónadóirí a chinntiú go dtagann bia nó deoch ar bith eile a chuirtear ar fáil leis na caighdeáin. Mar shampla, ní féidir brioscáin, milseáin, barraí seacláide, barraí gránacha agus deochanna súilíneacha nó siúcrúla a chur ar fáil níos mó.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach ar na caighdeáin chothaithe do bhia agus do dheochanna eile i scoileanna atá ar fáil ón rannóg maidir le béile scoile de láithreán gréasáin na Roinne Oideachais ag www.deni.gov.uk

# Na buntáistí a bhaineann le meaisíní díola níos sláintiúla

Is ionann beartas meaisíní díola níos sláintiúla a chur i bhfeidhm agus:

- nósanna itheacháin níos sláintiúla a spreagadh;
- an soláthar bia atá ann faoi láthair a leathnú ar feadh an lae scoile, m.sh. bricfeasta, am sosa, lón agus i ndiaidh na scoile;
- éagsúlacht na mbianna agus na ndeochanna atá ar fáil a mhéadú;
- deis ‘greim agus imigh’ a sholáthar do dhaltaí cruógacha agus don fhoireann;
- scuainí a laghdú i rith buaic-amanna, m.sh. seirbhís am lóin;
- cúnamh a thabhairt daltaí a choinneáil ar an láthair i rith an lae;
- ioncaim a shaothrú don scoil b’fhéidir.

# Cad is meaisín díola níos sláintiúla ann?

Is iomaí scoil a bhfuil meaisíní díola acu agus cé gur cáineadh meaisíní díola san am a chuaigh thart, níl aon chúis ann nach féidir leo raon bia agus dí a chur ar fáil a thiocfadh leis na caighdeáin chothaithe agus a thacóidh leis an gcur chuige scoile uile. Meaisíní díola níos sláintiúla d'fhéadfadh meaisíní díola níos sláintiúla ioncaim a shaothrú do do scoil.

Níor chóir amharc ar mheaisíní díola ina n-aonair, ach mar chuid den phleanáil don tseirbhís bia don scoil uile. Ba chóir go léireodh an tseirbhís meaisíní díola cuspóirí an bheartais bia atá agat don scoil uile.

Ba chóir treoirlínte maidir le húsáid agus ábhair na meaisíní díola a phlé agus a chur i bhfeidhm d'fhonn cuspóirí na scoile uile a bhaint amach agus chun roghanna níos sláintiúa mar aon le haiste chothrom bia a chur chun cinn. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leo:

- oibriú leis an tseirbhís lónadóireachta chun fiosrú a dhéanamh ar úsáid meaisíní díola fuaraithe;
- athrú a dhéanamh ar chásáil na meaisíní ionas nach dtaispeánfar fógraíocht ar bith nó an méid is lú agus is féidir i dtaobh brandaí táirgí;
- oibriú le soláthraithe agus le díoltóirí chun roghanna níos sláintiúla a thairiscint;
- meaisíní díola fuaraithe nó comhthimpeallacha a úsáid taobh le taobh d'fhonn raon roghanna níos fairsinge a thairiscint, m.sh. ceapairí, iógairt agus torthaí úra.

**Cás-staidéar**

Cé gur chaill an meaisín díola airgead ag scoil mhór chomhtháite i dtosach, thosaigh sé ag déanamh brabús beag i ndiaidh gníomhaíochtaí cur chun cinn, agus bhí an-tóir air i measc na ndaltaí i ndeireadh na dála. Rinneadh suirbhé i measc na ndaltaí agus tuairiscíodh go raibh an-spéis i sláinte agus in itheachán níos sláintiúla. Is iad ceapairí agus baguettes na rudaí is mó éilimh i láthair na huaire.

# Plean céim ar chéim

## 1. Tús maith leath na hoibre

Is cum cén cineál meaisín díola atá á bheartú nó á chur ar fáil cheana féin ag do scoil, tá sé ríthábhachtach go dtabharfar faoi mar chuid de chur chuige don scoil uile agus ní as féin. Is tús áisiúil é beartas bia a fhorbairt don scoil uile, a chuirfidh ar chumas do scoil réasúnaíocht a scríobh le haghaidh meaisíní díola i do scoil (féach leabhrán a dó: *Beartas bia don scoil uile a bhunú*). Cinnteoidh sé seo go gcuirfidh an ghné áirithe seo den tsoláthar bia le héiteas na scoile agus leis an gcur chuige maidir le hitheachán agus ólachán níos sláintiúla seachas baint uaidh.


Tá tiomantas ó bhainistíocht shinsearach na scoile agus na seirbhíse lónadóireachta (go háirithe má tá baint aici le soláthar na meaisíní díola) tábhachtach i dtaca le rathúlacht na meaisíní díola níos sláintiúla. Ba chóir é seo a leagan síos i rith an réamhphlé maidir le réasúnaíocht agus cuspóir na seirbhíse. Ba chóir do gach páirtí iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí féideartha atá ar fáil dóibh agus dóibh siúd a ndéanann siad ionadaíocht thar a gceann, agus ansin iad seo a chur i gcomparáid leis na hacmhainní atá riachtanach.

Ba chóir breithniú a dhéanamh ar phobal uile na scoile agus meaisíní díola níos sláintiúla á gcur ar bun. Is custaiméirí féideartha iad gach duine a bhfuil rochtain acu ar shuíomh na scoile, agus dá réir sin is fiú breithniú a dhéanamh ar a gcuid riachtanas. Ba chóir grúpa oibre a chur ar bun agus ionadaíocht a bheith air ó na dreamanna seo a leanas:

- daltaí
- bainistíocht na scoile
- foireann lónadóireachta agus bainisteoirí
- foireann teagaisc
- tuismitheoirí agus gobharnóirí
- an pobal áitiúil, m.sh. gairmithe sláinte.

Ba chóir don ghrúpa oibre breithniú a dhéanamh ar na pointí seo a leanas:

- an cineál bia agus dí a dhíoltar;
- an cineál meaisín díola atá riachtanach, m.sh. fuaraithe nó comhthimpeallach;
- líon na ndaoine a bhainfidh úsáid as an meaisín agus na hamanna a bhainfidh siad úsáid as;
- praghasraon (na dtáirgí);
- cad a tharlóidh nuair a dhúntar an scoil le linn na laethanta saoire;
- cá háit is féidir bianna a fháil, m.sh. lónadóir scoile nó meaisín díola;
- cá háit a gcuirfear na meaisíní;
- cé a bheidh freagrach as a bhfeidhmiú ó lá go lá;
- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil riachtanais oiliúna ar bith de dhíth, m.sh. sláinteachas bia;
- cé chomh inrochtaineach is a bheidh an meaisín, m.sh rialuithe ama;
- an buiséad don mheaisín (agus é léasaithe nó ceannaithe) agus do chonarthaí cothabhála;
- conas a íocfar as míreanna – airgead tirim, nó gan airgead tirim.



# Plean céim ar chéim

## 2. Cinneadh a dhéanamh faoi cad a bheidh ar díol

Ba chóir do mheaisíní díola níos sláintiúla léiriú a dhéanamh ar theachtaireachtaí maidir le hitheachán níos sláintiúla trí raon bianna agus deochanna a thairiscint. Caithfidh na bianna agus na deochanna go léir a thugtar isteach teacht leis na caighdeáin chothaithe nua do lóin scoile agus do bhianna agus do dheochanna eile i scoileanna. Bain úsáid as an bpláta bia sláintiúil chun cúnamh a thabhairt duit cinneadh a dhéanamh maidir le cothromaíocht na mbianna (is féidir leat teacht air ag www.eatwell.gov.uk nó féach ar leabhrán 1: *An treoirleabhar bunúsach*).

Agus táirgí á roghnú agat le haghaidh meaisíní díola níos sláintiúla ba chóir duit iad siúd nach bhfuil mórán salann, saile ná siúcra iontu a roghnú. Ní mór do gach duine plé a dhéanamh faoin rud is fearr don mheaisín díola. Labhair leis an tseirbhís lónadóireachta scoile agus déan iarracht pé rud atá ar díol sa seomra bia a chomhlánú. Faigh amach cad iad na rudaí is mian le pobal na scoile a bheith ar fáil. D'fhéadfaí plé a dhéanamh ar an raon táirgí ag an gcomhairle scoile nó ag cruinniú an ghrúpa gníomhaíochta um chothú sa scoil. Bheadh sé úsáideach dá mbeadh diaitéiteach pobail áitiúil nó altra scoile rannpháirteach.

### Cad is féidir le meaisíní díola níos sláintiúla a thairiscint?

**Meaisíní díola fuaraithe**


Braithfidh sé seo ar an meaisín díola ach d'fhéadfadh na samplaí seo a leanas a bheith i gceist:

- Torthaí úra, sailéid torthaí ullmhaithe agus torthaí tirime
- Rollaí líonta, ceapairí agus baguettes
- Scónaí agus leathán beagmhéathrais orthu
- Sailéid
- Meascáin pasta
- Gránaigh bhricfeasta, le bainne leathbhearrtha
- Iógairt, fromage frais
- Slisní píotsa (a bhfuil boinn thiubha iontu agus níos lú cáise)
- Bainne leathbhearrtha
- Uisce
- Súnna torthaí nó glasraí
- Deochanna iógairt (< 5% siúcra breisithe)

**Meaisíní díola comhthimpeallacha**

- Torthaí
- Grán rósta gan salann ná siúcra
- Bainne leathbhearrtha blaistithe (UHT)* (< 5% siúcra breisithe)
- Uisce
- Sú torthaí (>50% torthaí)

* Beidh an bainne leathbhearrtha sna táirgí seo ag teocht an tseomra.



## 3. Smaoinigh ar na saincheisteanna praiticiúla

### Pacáistiú

Má tá bia i do mheaisíní díola a d'ullmhaigh an lónadóir scoile nó soláthraí seachtrach, beidh ort smaoineamh ar an gcineál pacáiste a úsáideadh mar aon leis an lipéadú atá air. Mar shampla, níl coimeádáin ghloine oiriúnach chun críocha úsáid scoile ar chúiseanna sábháilteachta. D'fhéadfadh go bhfuil an lónadóir ag úsáid pacáistithe le haghaidh míreanna áirithe cheana féin a bheadh oiriúnach do mheaisíní díola fuaraithe, m.sh. coimeádáin ceapairí phlaisteacha nó miasa sailéid phlaisteacha a bhfuil clár orthu. D'fhéadfaí táirgí a thaispeáint ar thráidire, á chlúdach ag scannán plaisteach, m.sh. slisní quiche nó píotsa.

Ba chóir na táirgí a lipéadú go soiléir ionas gur féidir le daltaí:

- an táirge a theastaíonn uathu a roghnú:
- léigh liosta na gcomhábhar, m.sh. chun comhábhair a sheachaint mar gheall ar ailléirge nó ar chúiseanna cultúrtha, creidimh nó eiticiúla.

### Léaráid den leagan amach

Is plean atá anseo de leagan amach na dtáirgí i do mheaisín díola. Ba chóir é seo a fhorbairt i ndiaidh don mheascán táirgí a bheith socraithe agus le rannpháirtíocht ó dhaltaí. Beidh díol níos fearr ar tháirgí a chuirtear ag leibhéal na súile, nó ag leibhéal shliotán an bhoinn, ós rud é gurb iad siúd na táirgí is túisce a fheictear agus na daltaí ag déanamh cinnidh maidir le cad a cheannóidh siad. Déan iarracht: suíomh na dtáirgí bia a éagsúlú sa mheaisín chun spéis na ndaltaí a choinneáil ann agus chun bianna nua a chur chun cinn.

### Foinsiú táirge

An rud is áisiúla ná go ndéanfadh an tseirbhís lónadóireachta nó díoltóir an mheaisín díola táirgí do mheaisíní díola a fhoinsiú. Nó is féidir na táirgí a dhéanamh ar scoil. Ag brath ar an gcineál díolacháin, is féidir leis an lónadóir scoile na táirgí atá le díol a dhéanamh, a stocáil agus a bhainistiú, m.sh. ceapairí, baguettes agus sailéid.

### Dramhaíl táirge

Cinnteoidh monatóireacht dramhaíola gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar mheascán na dtáirgí. Bheadh sé úsáideach smaoineamh ar sheilfré gach táirge agus monatóireacht a dhéanamh ar na dátaí 'b'fhearr roimh' agus 'úsáid faoi' gach uair a dhéantar na meaisíní a líonadh. É sin ráite, níor chóir go ndéanfadh sé seo beag is fiú do réasúnaíocht na scoile maidir le roghanna níos sláintiúla a chur ar fáil.

# Plean céim ar chéim

### Sláinteachas agus sábháilteacht bhia

Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás bia úr agus deochanna a bhfuil gá a dteocht a rialú nó iad a fhuarú. Ba chóir go dtiocfadh ullmhú, stóráil agus suíomh na dtáirgí go léir le beartais sláinte agus sábháilteachta na scoile. Cuimhnigh:

- meaisíní a ghlanadh ar bhonn rialta;
- cinnte a dhéanamh de go bhfuil lipéadú ar na táirgí go léir, go háirithe má tá ailléirgin bia áirithe iontu;
- seiceáil a dhéanamh ar na dátaí 'b'fhearr roimh' agus 'úsáid faoi' gach uair a dhéantar na meaisíní a líonadh;
- na táirgí a rothlú agus na táirgí nua a chur ar chúl.

### Praghas

Léiríonn raon na bpraghsanna a bhíonn daltaí sásta a íoc ar a n-aois agus ar shaibhreas coibhneasta an scoilcheantair. Cé go bhfuil sé tábhachtach raon leathan táirgí a thairiscint ar phraghsanna éagsúla, tá sé ríthábhachtach go dtagann meascán na dtáirgí le sparán na ndaltaí. Léiríonn taighde go bhfuil ceangal ag praghsáil iomaíoch ar roghanna níos sláintiúla le méaduithe ar cheannach na míreanna seo. Ina theannta sin, fiú má chuirtear uisce ar fáil trí mheaisíní díola, ba chóir foinse uisce saor in aisce a bheith inrochtana do dhaltaí ar feadh an lae.

## 4. Cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcineál meaisín díola

Bíonn gnéithe éagsúla i gceist le cineálacha meaisíní díola éagsúla agus bíonn siad saincheaptha chun táirgí áirithe a dhíol. Cinntiú a dhéanamh go bhfuil oiriúnú maith idir cumas agus gnéithe an mheaisín agus na táirgí a theastaíonn uait a dhíol. Bíodh a fhios agat go mbeidh meaisíní agus táirgí nua ar fáil chun freastal ar éileamh nua de réir mar a aithníonn an tionscal an fhéidearthacht thráchtála agus an riachtanas le haghaidh roghanna níos sláintiúla.

D'fhéadfadh meaisíní a bheith agat cheana féin is féidir a athstocáil lena chinntiú go gcuirtear rogha níos fearr ar fáil do dhaltaí. Má theastaíonn uait meaisín díola a fhoinsiú, déan teagmháil leis an Automatic Vending Association (www.ava-vending.co.uk). Tá rannóg acu maidir le meaisíní díola in iarbhunscoileanna.

## Roghanna maidir le meaisíní díola

| Meaisín: | Ambient comhthimpeallacha | Bianna fuaraithe | Cannaí fuaraithe, cartáin, srl |
|---|---|---|---|
| **Dearadh** | D'fhéadfaí táirgí a choinneáil ar dhuán crochta nó ar chorna bíseach, a bheidh le feiceáil ag an úsáideoir trí ghloine, agus na míreanna bia ag titim anuas i limistéar dáilte bia. | Tá drumaí rothlacha ar roinnt acu. Tá a gcumas chun táirgí a thaispeáint teoranta ach is féidir leo cruthanna agus méideanna éagsúla de tháirgí bia agus deocha a choinneáil. | Bunchóras domhantarraingthe meicniúil I measc na meaisíní seo bíonn córais fuaraithe agus dá réir sin bíonn nasc cumhachta de dhíth uathu. |
| **Táirgí** | • torthaí úra<br>• pota torthaí (seilfchobhsaí)<br>• cistí ríse<br>• grán rósta gan salann ná siúcra | • ceapairí, rollaí, baguettes<br>• slisní píotsa<br>• iógairt<br>• torthaí úra<br>• súnna torthaí<br>• bainne leathbhearrtha úr<br>• bainne leathbhearrtha blaistithe (UHT)<br>• uisce | • uisce<br>• bainne leathbhearrtha úr<br>• bainne leathbhearrtha blaistithe (UHT)<br>• súnna torthaí |
| **Seilfré** | Idir dhá agus trí mhí ag brath ar an táirge. | Idir trí lá agus trí mhí ag brath ar an táirge. | Idir ceithre lá agus dhá mhí dhéag ag brath ar an táirge. |

De ghnáth tairgeoidh na soláthraithe meaisíní conarthaí seirbhíse sainiúla maidir le cothabháil agus deisiúchán. Cé go dtiocfaidh meaisíní nua le baránta aon bhliain amháin, tá sé ríthábhachtach is cuma cé acu meaisíní nua nó athláimhe atá á gceannach nó á léasú go ndéanfá cinnte de go ráthaíonn do chomhaontú seirbhíse aga freagartha gasta agus nach bhfuil táillí breise neamhfhollasacha i gceist. Má tá amhras ort, seiceáil leis an Automatic Vending Association, a chuireann comhairle agus eolas ar fáil ar a láithreán gréasáin maidir le raon leathan cuideachtaí cleamhnaithe agus táirgí.

# Plean céim ar chéim

## 5. Cá háit a gcuirfear an meaisín díola?



Buntáiste amháin a bhaineann le meaisíní díola ná gur féidir rochtain a fháil ar bhianna agus ar dheochanna ar feadh an lae scoile, lena n-áirítear:

- nuair a bhíonn na gnátháiseanna lónadóireachta dúnta;
- nuair a bhíonn scuainí plódaithe ag amanna sosa agus lóin;
- nuair a bhíonn luas seirbhíse ó dhaltaí agus nuair a bhíonn orthu ithe ar a gcois, m.sh. daltaí a dteastaíonn uathu freastal ar chlub am lóin nó ar chluiche spóirt.

Is fachtóir tábhachtach é suíomh do mheaisín díola. Más féidir é a dhéanamh, is fearr an meaisín a chur gar don limistéar lónadóireachta ionas go mbeidh líonadh, cothabháil agus maoirsiú an mheaisín chomh éasca agus is féidir agus chun leanúnachas seirbhíse a chinntiú (go háirithe má tá do lónadóir scoile i mbun na meaisíní díola níos sláintiúla). Beidh ort seiceáil le seirbhísí lónadóireachta an bhoird má chuireann siad an bia scoile ar fáil.

Tá rochtain ar mheaisíní díola, tráth a mbíonn an ceaintín dúnta mar shampla, tábhachtach chomh maith agus is foinse ioncaim bhreise é mura mbíonn deiseanna ann le haghaidh rudaí a cheann roimh am scoile nó ina dhiaidh. Má chuirtear an meaisín laistigh de sheomra bia a dhúnann ag amanna áirithe, caillfear na deiseanna seo agus diúltófar an tseirbhís, ach fós féin bíonn cosaint níos fearr ag an meaisín ó loitiméireacht agus mí-úsáid.

### Bruscar

- Cuir boscaí bruscair móra, daingne, tarraingteacha ar fáil le haghaidh gach meaisín díola.
- Spreag iompar cuí na ndaltaí leis an mbeartas scoile atá ann faoi láthair.
- Déan plé ar cheist na bainistíochta bruscair laistigh de réimsí an oideachais shóisialta sa churaclam.
- Athchúrsáil dramhaíl nó déan múirín, b'fhéidir go mbainfí úsáid as i gclub curadóireachta na scoile.

## 6. Meaisíní díola níos sláintiúla i do scoil a bhainistiú

Braitheann bainistíocht agus riaradh rathúil ar rannpháirtíocht agus ar chomhoibriú na ndaltaí.

Is ionann a gcomhairle a lorg agus tuiscint fhairsing maidir leis an tionscnamh, an cuspóir agus a oibriú a chinntiú agus fadhbanna a íoslaghdú agus úsáid a uasmhéadú. Mar shampla, cuireann meaisíní fuaraithe áirithe ar chumas na ndaltaí bia a thabhairt amach ó chúl an dorais. Dá réir sin is féidir rudaí eile a chur sa mheaisín. É sin ráite, tá sé faighte amach ag scoileanna nach seasann sé seo i bhfad agus má bhíonn an meaisín suite in áit éigin cheart ón tús go laghdaítear an cineál seo iompair.

Chun díolachán maith a chinntiú, déan cinnte gur féidir le daltaí rochtain a fháil ar éagsúlacht bianna agus deochanna ar feadh an lae. Féadfar é seo a bhaint amach trí:

- chinntiú go n-athsholáthraítear táirgí a bhfuil tóir orthu go pras;
- monatóireacht a dhéanamh ar mheaisíní díola ar bhonn rialta chun ord oibre a sheiceáil;
- cúnamh a thabhairt do dhaltaí rochtain a fháil ar na deochanna agus ar na bianna atá ag teastáil uathu.

Is iad na príomhthionchair a bheidh ar dhíolachán, seachas meascán maith táirgí, ná tuairimí na ndaltaí maidir le comhsheasmhacht, iontaofacht, agus éifeachtacht na seirbhíse a chuirtear ar fáil leis an meaisín.

## 7. Meaisíní díola níos sláintiúla a chur chun cinn

Is fiú am a chaitheamh ag múscailt feasachta maidir le meaisíní díola agus a réasúnaíocht trí éagsúlacht leathan modhanna, sula seoltar iad agus ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis:

- fógairtí ag tionóil bhliana, i gcomhthéacs teachtaireachta lónadóireachta níos forleithne;
- feasacht a spreagadh i measc na ndaltaí trí phlé maidir leis an scéim agus a réasúnaíocht a chur ar bun laistigh dá ngrúpaí teagaisc;
- roghanna níos sláintiúla a phraghsáil go hiomaíoch;
- laethanta le téama nó imeachtaí speisialta a bhunú, ina gcuirtear bianna difriúla nó neamhghnácha ar fáil;
- taispeántas póstaeir a chruthú le haghaidh meaisíní níos sláintiúla;
- táirgí nua a thabhairt isteach go rialta chun spéis a choinneáil ann;
- scríobh faoin scéim i nuachtlitir na scoile;
- seisiúin bhlaiste a reáchtáil do na táirgí a mholtar.

# Plean céim ar chéim

## 8. Meastóireacht

Tá sé tábhachtach monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar mheaisíní díola níos sláintiúla. D'fhéadfá:

- úsáid agus rath tráchtála an mheaisín a fhaire, m.sh. an cineál táirge, líon na ndíolachán a cuireadh amú, athlíontaí, freagairt na ndaltaí;
- proforma a úsáid chun caighdeánú agus bailiúchán sonraí cuí a chinntiú;
- na táirgí is 'mó éilimh' agus na táirgí 'nach bhfuil mórán éilimh orthu' a aithint, agus anailís a dhéanamh ar na torthaí seo le do ghrúpa oibre, daltaí go háirithe.

# Seicliosta na meaisíní díola níos sláintiúla

- ✔ Ar aithin tú na buntáistí atá i gceist le meaisíní díola níos sláintiúla do do scoil?
- ✔ An dtuigeann tú cad a theastaíonn uait a bhaint amach?
- ✔ An ndeachaigh tú i gcomhairle le comhairle na scoile nó leis an ngrúpa gníomhaíochta um chothú sa scoil?
- ✔ Ar labhair tú leis an tseirbhís lónadóireachta scoile?
- ✔ Ar labhair tú leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí agus an bhfuil tacaíocht faighte uathu?
- ✔ An bhfuil baint ag do dhaltaí leis an tionscadal?
- ✔ Ar shocraigh tú cathain agus cá háit a bheidh an meaisín díola ar fáil le húsáid?
- ✔ Ar phleanáil tú an meascán táirgí agus an phraghsáil?
- ✔ An sásaíonn na bianna agus na deochanna go léir na caighdeáin chothaithe maidir le bia scoile?
- ✔ An bhfuil a fhios agat cé a dhéanfaidh bainistiú agus riaradh ar an tseirbhís meaisín díola?
- ✔ An bhfuil socruithe ann chun bruscar a bhailiú?
- ✔ Ar bheartaigh tú straitéis chun meaisíní díola níos sláintiúla a chur chun cinn?
- ✔ An bhfuil an bealach a dhéanfaidh tú monatóireacht agus measúnú ar iarmhairt na seirbhíse meaisíní díola níos sláintiúla socraithe agat?

# Comhtháthú le tionscadail bia eile na scoile

Is iomaí bealach ar féidir na cúrsaí seo a nascadh go nádúrtha le tionscadail bhia eile sa scoil, ag brath ar do scoil dar ndóigh. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i measc na nasc chuig meaisíní díola níos sláintiúla:

- Ábhar bia agus dí níos sláintiúla a chur ar fáil i meaisíní díola chun éagsúlacht lóin a leathnú, m.sh. briogúin torthaí, mioncheapairí, iógairt.
- Uisce fuaraithe a chur ar fáil sa raon táirgí a thairgeann tú, ach cinnte a dhéanamh de go bhfuil foisní uisce eile ar fáil saor in aisce chomh maith.
- Táirgí comhlántacha a thairiscint chun tacú le sosanna níos sláintiúla.
- Úsáid a bhaint as meaisíní díola chun cúnamh a thabhairt scuainí ag amanna cruógacha a laghdú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid, staid agus stíl na meaisíní díola sa seomra bia. An bhfuil cur i láthair maith i gceist leo? An dtacaíonn siad le teachtaireachtaí maidir le hithe níos sláintiúla?

**Cás-staidéar**

Chuir iar-bhunscoil mhór i gceantar tuaithe isteach dhá mheaisín díola fuaraithe a dhíolann éagsúlacht táirgí a rinne lónadóirí scoile intí. Ina measc bhí miasa pasta, ceapairí, sailéid agus bainne leathbhearrtha úr (an ceann is mó a raibh tóir air). Rinne an dá mheaisín brabús agus laghdaigh siad go suntasach fadhbanna scuaine sa seomra bia.



# Naisc leis an gcuraclam

Meaisíní díola níos sláintiúla cuireann meaisíní díola níos sláintiúla comhthéacs ar fáil d'éagsúlacht leathan nasc, agus tá cuid acu liostaithe thíos.

## Iar-bhunscoileanna

**Matamaitic agus uimhearthacht**
D'fhéadfadh daltaí díolachán táirgí agus an t-ioncam a shaothraítear a thaifeadadh trí scarbhileoga Microsoft Excel a úsáid chun patrúin díolacháin amach anseo, riachtanais soláthair a thuar agus chun léaráidí den leagan amach a athbhreithniú.

**Ag foghlaim don saol agus don obair**
*Eacnamaíocht bhaile* – d'fhéadfadh daltaí teagmháil a dhéanamh le lónadóirí na scoile agus le foireann na meaisíní díola níos sláintiúla chun fiosrú faoi raon bianna agus deochanna a chuireann le hithe níos sláintiúla ar bhealach comhsheasmhach, m.sh. gan mórán salainn ná saille sáithithe ann, ach fós a bheith blasta do dhaltaí atá 11–14 bliana d'aois.

**Na healaíona**
*Ealaín agus dearadh* – d'fhéadfadh daltaí torthaí cruthaitheacha a dhearadh agus a léiriú le haghaidh taispeántas thart timpeall ar an meaisín díola a léireodh an tábhacht a bhaineann le haiste chothrom bia.

Le tuilleadh comhairle agus moltaí a fháil, téigh chuig:

www.ccea.org.uk

www.nicurriculum.org.uk



# Foinsí faisnéise breise

Tugann an liosta seo a leanas naisc le faisnéis agus acmhainní breise a d'fhéadfadh cabhrú leat chun do sheirbhís meaisíní díola níos sláintiúla a fhorbairt.

### School Food Trust (An tIontaobhas Bia Scoile)

www.schoolfoodtrust.org.uk

Cuireann *School Food Trust* (an tIontaobhas Bia Scoile) leabhrán eolais ar fáil dar teideal *A fresh look at vending in schools*, a chuireann eolas mionsonraithe ar fáil maidir le meaisíní díola i scoileanna mar aon le seicliostaí úsáideacha.

### Automatic Vending Association

www.ava-vending.co.uk

Gach uile ní a d'fhéadfadh a bheith ar eolas agat maidir le meaisíní díola. Déanann an Automatic Vending Association ionadaíocht thar ceann na n-earnálacha go léir – déantúsóirí agus dáilitheoirí meaisíní, soláthraithe earraí agus oibreoirí.

### An Ghníomhaireacht um Chaighdeáin Bhia

www.food.gov.uk

Tá tuarascáil *Vending healthier drinks* ar fáil ón láithreán seo.

### Health Education Trust

www.healthedtrust.com

Cumann carthanachta cláraithe de chuid na RA is ea an *Health Education Trust* (an tIontaobhas Oideachais Sláinte) a bunaíodh chun oideachas sláinte a chur chun cinn i measc daoine óga sa Ríocht Aontaithe.  Tá faisnéis ar an suíomh seo faoi dhíolachán níos sláintiúla.

Ba í Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur chun Cinn na Sláinte a d'fhorbair an acmhainn seo ar dtús mar chuid den chlár Bia scoile: lánmharcanna. Fuair sí cómhaoiniú ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí.